C/2026/5411

16.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12574 — CVC / ROCCAFORTE / ECO ERIDANIA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5411)

1. An 6 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC PLC', Geirsí),

— Roccaforte S.r.l. ('Roccaforte', an Iodáil), faoi rialú Andrea Giustini,

— Eco Eridania S.p.A. ('Eco Eridania', an Iodáil), atá faoi rialú comhpháirteach iCon Infrastructure Operations (UK) Limited (an Ríocht Aontaithe) agus Roccaforte faoi láthair.

Gheobhaidh CVC agus Roccaforte rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Eco Eridania.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta phoiblí theoranta é CVC PLC a bhfuil a scaireanna liostaithe ar Stocmhalartán Euronext Amstardam agus a ligtear a scaireanna isteach ann chun a dtrádála. Tá sí ina cuid de CVC Network, ar bainisteoir infheistíochta malartaí domhanda é atá dírithe ar chothromas príobháideach, ar chreidmheas, ar bhonneagar agus ar mhargaí tánaisteacha. Soláthraíonn CVC PLC comhairle infheistíochta do chistí agus meáin infheistíochta áirithe ('Cistí CVC'), a bhfuil leasanna acu i gcuideachtaí atá gníomhach i dtionscail éagsúla, lena n-áirítear i seirbhísí airgeadais, ceimiceáin, fóntais, monaraíocht, miondíol agus dáileadh, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, agus bainistíonn sé infheistíochtaí thar a gceann,

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é Roccaforte atá gníomhach i sealbhú agus i mbainistiú infheistíochtaí cothromais,

— Tá Eco Eridania gníomhach i mbailiú, iompar, cóireáil agus diúscairt dramhaíola speisialta, guaisí agus neamhghuaisí, agus béim ar leith á leagan ar chúram sláinte agus ar sheirbhísí bainistithe dramhaíola tionsclaíche.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe ([2]) a rialú idir gnóthais, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12574 — CVC / ROCCAFORTE / ECO ERIDANIA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË